An Bás, an Óige agus an Saol Mór

An Bás, an Óige agus an Saol Mór

Lá amháin bhí Fionn Mac Cumhaill agus na Fianna amuigh ag seilg. Bhí siad ag seilg i rith an lae ach d'imigh an fia orthu agus bhí siad fágtha i measc na sléibhte agus iad ar strae. Bhí na Fianna buartha mar bhí an oíche ag titim agus ní raibh lóistín ar bith acu. Shuigh na Fianna síos ar chnoc beag. D'amharc Fionn thart ach ní fhaca sé rud ar bith ach an oíche ag titim. Ansin, thit ceo anuas ar na Fianna. Chonaic Fionn solas beag ag teacht amach ón cheo.

"An bhfeiceann duine ar bith agaibh an solas sin i bhfad uainn?" arsa Fionn lena chuid fear. Ní fhaca duine ar bith acu an solas.

"Bhal," arsa Fionn, "leanaigí mise, nó is féidir liom solas a fheiceáil. B'fhéidir go mbeadh lóistín oíche agus greim bia le fáil ann."

D'imigh na Fianna leo agus iad buartha go leor faoin tsolas seo. Sa deireadh tháinig siad a fhad leis an tsolas agus cad é a bhí rompu ach caisleán mór ard!

"Ní raibh a fhios agam go raibh caisleán mar seo i measc na gcnoc," arsa Fionn.

"Níl caisleán ar bith mar seo ann," arsa Diarmuid.

"Seans gur caisleán draíochta é," arsa Conán Maol.

"Gheobhaidh muid amach gan mórán moille," arsa Fionn agus bhuail sé cnag ar an doras. Ligeadh isteach iad. Ach ní raibh duine ar bith ann. Chuaigh siad trasna an halla mhóir agus isteach i seomra beag. Bhí craos tine ann agus bhí an seomra iontach te. Nuair a d'amharc Fionn thart chonaic sé seanfhear ina shuí sa chúinne.

“Móra duit,” arsa Fionn. “Tá mé féin agus mo chuid fear ar strae anseo i measc na gcnoc agus tá mé ag iarraidh a fháil amach an mbeadh lóistín oíche le fáil againn anseo anocht.”

“Bheadh,” arsa an seanfhear. “Dá mbeadh múineadh oraibh.” Chuir an freagra seo iontas ar na Fianna. Cad chuige ar thug an seanfhear freagra mar sin orthu? Óir bhí siad ag déanamh nach raibh grúpa fear in Éirinn ábalta iad a cheansú, ach seo seanfhear, agus dúirt sé sin leo.

Shuigh siad síos agus shíl siad go mbeadh oíche mhór scéalaíochta acu an oíche sin. Ach ní mar a shíltear a bhítear! Ní raibh ann ach gur fhreagair an seanfhear ceist a cuireadh air. Níor inis sé scéal ar bith. Nuair a bhí siad ina suí ag an tine tháinig uaisc chaorach amach ón taobh eile den doras agus sheas sí i lár an urláir.

“Cuir fear agaibh an uaisc sin ar ais ar chúl an dorais,” arsa an seanfhear.

D’éirigh Oisin agus shiúil sé a fhad leis an uaisc agus fuair sé greim adhairce uirthi. Ach bhog an uaisc agus bhuail sí Oisín agus d’fhág sí ar chúl a chinn é i lár an urláir. Bhris na Fianna amach ag gáire. Léim Oscar ar a chosa agus rinne iarracht an rud céanna a dhéanamh. Ach bhuail an uaisc é féin fosta. Sheas Fionn Mac Cumhaill i lár an urláir agus ar seisean, “Is iomaí uair a náirigh sibh mé ach seo an náire is mó go dtí seo.”

Fuair sé féin greim adhairce ar an uaisc ach más gasta a leag sí an bheirt eile leag sí Fionn Mac Cumhaill a dhá oiread ní ba ghaiste. Níor labhair duine ar bith acu. D’éirigh an seanfhear ina sheasamh agus bhuail sé an uaisc chaorach lena bhata. Chuir sé an t-ainmhí ar chúl an dorais gan mórán trioblóide.

“Thig le seanbhean an obair sin a dhéanamh,” arsa an seanfhear.

Tamall ina dhiaidh sin dúirt Fionn go raibh ocras orthu agus gur mhaith leo greim a fháil le hithe. Bhuail an seanfhear a bhata ar an doras agus tháinig cailín óg amach le suipéar fána gcoinne. Baineadh siar as na Fianna nuair a

chonaic siad an cailín seo. Bhí sí iontach dóighiúil ar fad. Nuair a tháinig sí a fhad le Goll Mac Morna rinne sé iarracht greim láimhe a fháil uirthi. Ach thóg an cailín a lámh agus bhuail sí san aghaidh é.

“Nuair a bhí mé agat cheana féin is beag a shíl tú díom,” arsa an cailín. Bhí iontas ar Gholl óir shíl sé nach bhfaca sé an cailín seo roimhe. Bhí an chuid eile acu cinnte de nach bhfaca siad í ar chor ar bith. D’ith siad an suipéar agus chuaigh siad a luí. Ní raibh Fionn ábalta codladh go maith an oíche sin. Bhí a fhios aige go raibh rud inteacht aisteach faoin tseanfhear agus faoin chaisleán. D’éirigh Fionn le fáinne geal an lae, ach fiú ansin bhí an cailín ina suí roimhe. Rinne sí bricfeasta, agus bricfeasta iontach maith a bhí ann. D’ith na Fianna a gcuid go fonnmhar. Nuair a bhí seo déanta d’éirigh Fionn agus labhair sé.

“Ba mhaith liom buíochas ó chroí a thabhairt duit, a dhuine chóir. Thug tú lóistín agus bia dúinn agus ní dhéanfaidh muid dearmad de sin. Ach tá trí cheist agam duit agus tá a shúil agam go bhfuil na freagraí agat dom. Nuair a tháinig muid anseo aréir chuir mise ceist ort faoi lóistín oíche a fháil agus dúirt tú linn dá mbeadh múineadh orainn go bhfaigheadh muid sin. Chuir an freagra sin iontas orm nó tá mise ag déanamh nach bhfuil duine ar bith in Éirinn a bheadh chomh dalba sin linne. Agus uaisc sin na gcaorach nach dtáinig linn a chur ar chúl an dorais. Cad é mar a bhí tusa ábalta sin a dhéanamh? Agus ansin an cailín galánta sin. Tá muid cinnte nach bhfaca muid an cailín sin ariamh. Ach deir sí go raibh sí ag Goll roimhe. An féidir leat na ceisteanna seo a fhreagairt?” arsa Fionn.

“Is féidir liom,” arsa an seanfhear. “Chonaic sibh rudaí aisteacha aréir ach is féidir liom sin a mhíniú. Uaisc sin na caorach, sin an saol mór. Is cuma chomh láidir leat ní thig an bua a fháil ar an tsaol mhór. Cuirfidh sé síos i dtólamh thú. An cailín álainn, sin an óige. Nuair a bhí an óige agaibh ní raibh sibh cúramach léi. Bhí sibh ag troid agus ag seilg agus níor thug sibh aire ar bith di. Agus mise, is mise an bás. Tiocfaidh mé chuig achan duine luath nó mall.”

Bhí Fionn fágtha ina thost. D’amharc sé thart ar a chuid fear agus ansin thiontaigh sé thart le labhairt leis an tseanfhear, ach bhí sé imithe. Ní raibh fágtha ach na Fianna agus Fionn i measc na gcnoc.

© CCEA 2022

COUNCIL FOR THE CURRICULUM, EXAMINATIONS AND ASSESSMENT
29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG
Tel: +44(0)28 9026 1200 Email: info@ccea.org.uk
Web: www.ccea.org.uk

Rewarding Learning